# Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí

## Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Eanáir - 2019

# An Clár Ábhar

**An Réamhrá** **4**

Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta 4

Neamhspleáchas na scoile i leith an scoláire a ullmhú do na Measúnuithe Rangbhunaithe 5

An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích 6

Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh 7

Measúnuithe Rangbhunaithe i dTíreolaíocht 7

Measúnú Rangbhunaithe 1: Tíreolaíocht sa nuacht 8

An próiseas chun Measúnú Rangbhunaithe 1: Tíreolaíocht sa nuacht a chur i gcrích 9

Measúnú Rangbhunaithe 1: Tíreolaíocht sa nuacht a chur i gcrích 11

Tíreolaíocht sa nuacht: Comhairle don scoláire 13

Measúnú Rangbhunaithe 2 - Mo thíreolaíocht 17

An próiseas chun Measúnú Rangbhunaithe 2: *Mo thíreolaíocht* a chur i gcrích 18

Mo thíreolaíocht: Comhairle don scoláire 23

Torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thaifeadadh agus a thuairisciú 29

Aguisín A: Teimpléad do Mheastóireacht agus Machnamh an Scoláire, le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2 31

Aguisín B: Tacaíocht do bhreithiúnas an mhúinteora: Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair 32

Aguisín C: Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair: Tuarascáil an Éascaitheora 36

# An Réamhrá

Cuirtear ar fáil sa cháipéis seo, *Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe*:

- eolas ginearálta faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe
- sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ar a bhfuil cur síos sa tsonraíocht le haghaidh Thíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí
- na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an leibhéal gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe
- treoirlínte don scoil, don mhúinteoir agus don scoláire maidir leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích
- sonraí faoin Tasc Measúnaithe i dTíreolaíocht agus faoin gcaoi a dtacaíonn an scoil lena chur i gcrích.

Ba chóir na treoirlínte seo a úsáid leis an tsonraíocht churaclaim do Thíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí agus leis na treoirlínte le haghaidh *Measúnú agus Tuairisciú* don tsraith shóisearach, ina bhfuil tuilleadh sonraí faoin bpróiseas athbhreithnithe ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair agus faoi ghnéithe eile den mheasúnú don tsraith shóisearach a leagtar amach sna treoirlínte seo.

Is féidir teacht ar an gcáipéisíocht ar fad ar http://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-CycleSubjects/Geography. Tugtar breac-chuntas ar an measúnú don tsraith shóisearach sa Chreat don tSraith Shóisearach, 2015, atá ar fáil ar https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuarascálacha-Beartais/Creat-don-tSraith-Shoisearach-2015.pdf.

# Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta

Is é an chaoi is fearr le cur síos a dhéanamh ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire leis an tasc sonrach nó na tascanna sonracha a leagtar amach sa tsonraíocht ábhair. Cuirtear i gcrích iad sa tréimhse a thugtar do Thíreolaíocht, .i. 200 uair an chloig ar a laghad. Leagtar amach sna treoirlínte seo na Measúnuithe Rangbhunaithe agus na Gnéithe Cáilíochta, a thacaíonn le breithiúnas an mhúinteora.

Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis an measúnú leanúnach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe taifeadtar breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire. Ullmhaíonn an scoláire do na Measúnuithe Rangbhunaithe le linn tréimhsí ar leith sa dara agus sa tríú bliain. Ní chuirtear torthaí a bhaintear amach i dtionscadail eile, in obair baile, ná i dtrialacha a dhéanann an scoláire le linn dó a ghnáthobair ranga a dhéanamh san áireamh le tuairisceoir a bhronnadh mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe.

## Neamhspleáchas na scoile i leith an scoláire a ullmhú do na Measúnuithe Rangbhunaithe

Leagtar amach sna treoirlínte seo raon roghanna le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe ionas go mbeidh siad ag teacht le riachtanais agus le dálaí áirithe an scoláire agus na scoile. Bíonn rogha topaicí agus leaganacha amach ag an scoláire agus ag an múinteoir le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe sa Tíreolaíocht. Cuirtear féidearthachtaí éagsúla i láthair maidir leis an gcaoi a bhféadfaí tabhairt faoin Measúnú Rangbhunaithe agus é a chur i láthair le haghaidh an mheasúnaithe chun deis a thabhairt don scoláire tabhairt faoi na rudaí a bhfuil spéis aige féin iontu agus a spreagann é. I gcás an dá Mheasúnú Rangbhunaithe, spreagtar an scoláire le húsáid a bhaint as ábhair thacaíochta éagsúla agus a chuid oibre a chur i láthair i leaganacha amach éagsúla. Laistigh de na paraiméadair a shocraítear sna treoirlínte seo, is féidir leis an scoil, leis an múinteoir agus leis an scoláire raon na dtéamaí agus na dtopaicí do na measúnuithe a shocrú go neamhspleách.

## An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích

Tacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích ach:

- a chinntiú go dtugtar *Sonraíocht Thíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí* agus *Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe* don mhúinteoir
- tacú leis an múinteoir na tuairisceoirí leibhéil a bronnadh ar gach scoláire a thaifeadadh
- taifid agus saothair a choinneáil, de réir mar is cuí, chun críche na gcruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- na treoirlínte do na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i bhfeidhm
- tacú leis an múinteoir agus leis an scoláire an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích
- cloí leis na socruithe a bhaineann leis na Tascanna Measúnaithe a chuirtear i gcrích a aistriú chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit lena marcáil
- cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbeidh fáil ag gach scoláire ar an measúnú
- torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú don scoláire agus dá thuismitheoirí/chaomhnóirí mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

D'fhonn aiseolas a chur ar fáil don scoláire agus é i mbun an mheasúnaithe, ba chóir breathnú ar an bpróiseas leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagaisc agus foghlama, agus ní chun críche measúnú amháin. Tá sé i gceist go dtabharfadh an múinteoir treoir agus tacaíocht don scoláire agus go ndéanfadh sé maoirseacht air ó thús deireadh an phróisis.

D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- riachtanais an taisc a shoiléiriú
- samplaí anótáilte d'obair scoláirí a úsáid le brí agus le léirmhíniú na nGnéithe Cáilíochta a shoiléiriú don scoláire
- treoracha a chur ar fáil go rialta agus go straitéiseach le críochnú tráthúil na measúnuithe a éascú

- tacaíocht a chur ar fáil do scoláire ar bith a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige.

Tabhair faoi deara nach féidir glacadh ach le hobair an scoláire féin lena mheas i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

## Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh

Éascaíonn an scoil cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir tacaíochtaí réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba chóir go mbeadh na tacaíochtaí sin, m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

# Measúnuithe Rangbhunaithe i dTíreolaíocht

Is ann do dhá Mheasúnú Rangbhunaithe sa Tíreolaíocht. Déantar iad a mheasúnú ar leibhéal comónta. Baineann siad leis na torthaí foghlama agus tugann an scoláire fúthu laistigh de thréimhse shonraithe ama le linn am teagmhála ranga de réir amchlár náisiúnta (arna chur in iúl ag CNCM) i rith an fhéilire scoile. Cuirfear an tráthchlár seo le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh gach ábhair ar fáil gach bliain ar www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach agus www.curriculumonline.ie/Junior-cycle. Tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe, cuirfidh an scoláire Tasc Measúnaithe i gcrích, a dhéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit a mharcáil mar chuid den scrúdú stáit sa Tíreolaíocht. Tugtar breac-chuntas ar na Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh Tíreolaíochta i dTábla 1 thíos.

| Measúnuithe Rangbhunaithe | Leagan amach | Ullmhúchán an scoláire |
|---|---|---|
| **Tíreolaíocht sa nuacht**<br>Fiosrúchán struchtúrtha trí fhreagairt ar theagmha(i)s tíreolaíochta a bhí ann ar na mallaibh | Tuairiscí is féidir a chur i láthair i réimse leathan formáidí | Tar éis trí seachtaine tabharfaidh an scoláire tuairisc ar a fhiosrúchán, bunaithe ar fhoinse na meán le déanaí, a bhaineann le teagmhas tíreolaíochta |

| **Mo thíreolaíocht**<br><br>Fiosrúchán struchtúrtha ar ghné thíreolaíochta/ar ghnéithe tíreolaíochta i gceantar áitiúil | Tuairiscí is féidir a chur i láthair i réimse leathan formáidí | Déanfaidh an scoláire, thar thrí seachtaine, iniúchadh ar ghné thíreolaíochta i gceantar áitiúil |
|---|---|---|

*Tábla 1: Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh Tíreolaíochta*

## An Tasc Measúnaithe

Is tasc scríofa é an Tasc Measúnaithe a dhéanann an scoláire le linn am ranga. Ní mharcálann an múinteoir ranga é, ach cuirtear chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é lena mharcáil mar chuid de scrúdú deimhnithe an stáit sa Tíreolaíocht. Is í CNCM a shonraíonn an Tasc Measúnaithe agus baineann sé leis an bhfoghlaim a mbeidh an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe uirthi. I gcás na Tíreolaíochta, sin é ***Mo thíreolaíocht***. Tugtar breac-chuntas ar shonraí an Taisc Measúnaithe i dTábla 2 thíos, agus tá tuilleadh eolais ar leathanach 28 agus 29 de na treoirlínte seo.

| | **Leagan amach** | **Ullmhúchán an scoláire** | **Curtha i gcrích** |
|---|---|---|---|
| **An Tasc Measúnaithe** | Cuireann an scoláire tasc scríofa sonraithe i gcrích, a chuirtear faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil | Beidh ceangal ag an Tasc Measúnaithe le *Mo thíreolaíocht* (Measúnú Rangbhunaithe 2) | Tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích sa tríú bliain |

*Tábla 2: Tasc Measúnaithe le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2, Mo thíreolaíocht*

# Measúnú Rangbhunaithe 1: Tíreolaíocht sa nuacht

Tugann ***Tíreolaíocht sa nuacht*** deis don scoláire páirt a ghlacadh i dtaithí foghlama phraiticiúil agus bharántúil a léiríonn chomh hábhartha agus atá staidéar na tíreolaíochta don domhan mórthimpeall air. Tugann *Tíreolaíocht sa nuacht* deis don scoláire breathnú go gníomhach ar na hidirghníomhaíochtaí agus ar na hidirnaisc idir daoine, áiteanna, timpeallachtaí agus patrúin spásúla. Iarrtar sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo ar an scoláire taighde a dhéanamh agus teacht ar chonclúidí faoi impleachtaí teagmhais tíreolaíochta trí shampla ón bhfíorshaol.


Roghnóidh an scoláire teagmhas tíreolaíochta a tharla le gairid agus a bhí suntasach ar leibhéal áitiúil, náisiúnta nó domhanda, mar ar tuairiscíodh air sna meáin. Tabharfaidh an scoláire faoi fhiosrúchán

struchtúrtha ar an teagmhas tíreolaíochta a roghnóidh sé agus déanfaidh sé anailísiú ar shuntasacht an teagmhais sin ó thaobh na ngnéithe: *próisis, patrúin, córais agus scála, scileanna tíreolaíochta agus inbhuanaitheacht.* Meastar go spreagfaidh an próiseas fiosrúcháin struchtúrtha, a dtugtar breac-chuntas air thíos an scoláire le hiniúchadh níos leithne a dhéanamh ná an fhoinse meán a roghnaíodh ar dtús agus raon a thaighde a leathnú chun cuimhneamh ar réimse níos leithne foinsí agus dearcthaí. Ar deireadh, cuirfidh an scoláire freagairt i dtoll a chéile ar an teagmhas sin a chuirfear i láthair ag deireadh na tréimhse trí seachtaine. Féadfaidh an scoláire a fhreagairt a mhúnlú le réimse leaganacha amach difriúla, a chinnfear i gcomhar leis an múinteoir atá ag éascú an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo.

Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an topaic a roghnófar agus ar an meán ina gcuirfear an obair i láthair. Sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo, beag beann ar an topaic a roghnaítear, éilítear ar an scoláire a léiriú go bhfuil eolas, tuiscint, feasacht agus scileanna aige i dtabhairt faoi fhiosrúchán struchtúrtha, a fhiosraíonn agus a anailísíonn an bhfuil gnéithe de shonraíocht na Tíreolaíochta (próisis, patrúin, córais agus scála, scileanna tíreolaíochta agus inbhuanaitheacht) le feiceáil sa fhreagairt ar an bhfoinse roghnaithe meán, agus má tá, cén chaoi a bhfeictear iad.


## An próiseas chun Measúnú Rangbhunaithe 1: Tíreolaíocht sa nuacht a chur i gcrích

Leagtar amach i bhFíor 1 an próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe a dhéanamh. Is é aidhm an phróisis seo treoir a thabhairt don mhúinteoir de réir mar a thacaíonn sé lena scoláire a Mheasúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích.




*Fíor 1: An próiseas chun tabhairt faoin Measúnú Rangbhunaithe: Tíreolaíocht sa nuacht*

# Ullmhúchán




**Ullmhúchán an scoláire**

Ba chóir go mbeadh roinnt eolais, tuisceana agus scileanna forbartha ag an scoláire thar na trí shnáithe staidéir, *An domhan fisiceach a fhiosrú*, *An chaoi a ndéanaimid teagmháil leis an domhan fisiceach a fhiosrú* agus *Daoine, áiteanna agus athruithe a fhiosrú*, sula dtugann sé faoin gcéad Mheasúnú Rangbhunaithe, **Tíreolaíocht sa nuacht**. Mar chuid den teagasc, den fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama do Thíreolaíocht, a bhíonn ar bun go leanúnach, ba chóir go mbeadh deiseanna ag an scoláire chun scileanna taighde agus measúnaithe a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt go fónta faoin *Tíreolaíocht sa nuacht*. Nuair a thagann deiseanna chun cinn, ba chóir a fhiosracht a chothú chun topaicí agus smaointe a bhfuil spéis aige iontu a fhiosrú agus ba chóir é a spreagadh le naisc ábhartha a shainaithint idir an fhoghlaim sa rang agus an gnáthshaol. Rachaidh taithí dá leithéid chun tairbhe dó agus é ag dul i ngleic le *Tíreolaíocht sa nuacht* ag leibhéal atá oiriúnach dá aois agus dá chéim foghlama.

Cuireann an Measúnú Rangbhunaithe seo fiosracht agus rannpháirtíocht an scoláire chun cinn nuair a dhéanann an scoláire:

- an teagmhas tíreolaíochta ar a ndíreoidh a fhreagairt a shainaithint agus a roghnú
- ceisteanna tíreolaíochta a iarraidh
- an leagan amach (na leaganacha amach) ina gcuirfear an fhreagairt i láthair a roghnú
- a smaointe a fhorbairt trí mhachnamh a dhéanamh ar idirghníomhaíochtaí, idirnaisc agus impleachtaí an teagmhais tíreolaíochta
- réimse leathan foinsí meán a mheas chun a chinntiú go ndéantar taighde agus breithniú ar réimse níos leithne dearcthaí
- comhoibriú trí phlé agus fiosrú an eolais ar a ndearnadh taighde

- a mheas, nuair is cuí, an ceangal atá ag a theagmhas roghnaithe le ceisteanna inbhuanaitheachta comhshaoil, geilleagair agus sóisialta.

Cé go bhfuil an Measúnú Rangbhunaithe suimitheach, tá luach foirmitheach aige agus ba chóir é a úsáid mar uirlis chun aiseolas a thabhairt don scoláire, do thuismitheoirí agus don mhúinteoir ar dhul chun cinn agus ar fhoghlaim an scoláire. Ag pointe iomchuí san fhoghlaim, ba chóir go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear le cáilíocht a chuid oibre a mheas.

**Ullmhúchán an mhúinteora**


Ba chóir pleanáil le haghaidh teagaisc, foghlama agus measúnú eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire a fhorbairt de réir a chéile thar réimse torthaí foghlama na sonraíochta roimh an Measúnú Rangbhunaithe agus fad is a chuirtear i gcrích é. Ba chóir don mhúinteoir treoir agus tacaíocht a thabhairt don scoláire agus é ag cur an Measúnú Rangbhunaithe, **Tíreolaíocht sa nuacht** i gcrích, agus ba chóir dó an scoláire a chumasú agus a stiúradh.

Moltar go bpléadh an múinteoir an Measúnú Rangbhunaithe le comhghleacaithe, agus go bpleanálfadh sé aon teagasc agus foghlaim a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil. Moltar don mhúinteoir an scoláire a éascú chun an bhaint atá ag an méid atá á fhoghlaim aige leis an ngnáthshaol a fheiceáil. Moltar cur chuige neamhlíneach i leith torthaí foghlama agus snáitheanna i sonraíocht na tíreolaíochta; tabharfaidh sé sin deis don scoláire idirghníomhaíochtaí, idirnaisc agus impleachtaí sna réimsí difriúla staidéir a fheiceáil.

D'fhonn ullmhú don Mheasúnú Rangbhunaithe, ba chóir don mhúinteoir eolas a chur ar na cáipéisí seo a leanas atá ar fail ar www.curriculumonline.ie

- Sonraíocht Thíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí
- Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe
- Samplaí anótáilte de shaothar scoláirí
- Measúnú agus Tuairisciú sa tSraith Shóisearach (https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú).

# Measúnú Rangbhunaithe 1: Tíreolaíocht sa nuacht a chur i gcrích




Tabharfaidh an scoláire faoin Measúnú Rangbhunaithe seo trí phróiseas fiosrúcháin struchtúrtha chun a theagmhas tíreolaíochta roghnaithe a fhiosrú agus freagairt a ullmhú a chuirfear i láthair ag deireadh na tréimhse trí seachtaine. Tugtar breac-chuntas thíos ar an gcaoi a dtugtar faoin bpróiseas fiosrúcháin sin.

## Próiseas fiosrúcháin struchtúrtha

Áirítear leis an bpróiseas seo an scoláire ag fiafraí ceisteanna, ag bailiú sonraí, ag déanamh meastóireachta agus léirmhíniú ar a thorthaí, agus ag cur eolas i láthair. Spreagann sé comhoibriú agus cumarsáid lena chomhscoláirí agus le saineolaithe i réimsí eile.

| **Ba chóir go n-áireofaí i do thuairisc:** | |
|---|---|
| ***Próisis, patrúin, córais agus scála*** | ***Inbhuanaitheacht*** |
| ▪ An ceangal atá ag an bhfoinse roghnaithe meán le foghlaim faoi phróiseas, patrún nó córas tíreolaíochta a shainaithint.<br>▪ Míniú a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil suntas tíreolaíochta leis an teagmhas ar scála áitiúil, náisiúnta nó domhanda. | ▪ Breac-chuntas a thabhairt ar chúinsí inbhuanaitheachta a gcaithfear cuimhneamh orthu maidir leis an teagmhas tíreolaíochta roghnaithe. |
| **An chaoi a n-ullmhóidh tú do thuairisc:** | |
| ***Scileanna tíreolaíochta*** | |
| Spreagtar an scoláire leis an oiread scileanna tíreolaíochta agus atá ábhartha don fhreagairt aonair a úsáid trí phróiseas an Mheasúnaithe Rangbhunaithe.<br>▪ Ullmhóidh an scoláire freagairt a léiríonn go ndeachaigh sé i ngleic leis na príomhcheisteanna tíreolaíochta – cé, céard, cén áit, cathain, cén chaoi, cén fáth | |

- Taispeánfaidh an scoláire, nuair is ábhartha, na hidirghníomhaíochtaí, idirnaisc agus impleachtaí atá gníomhach sa teagmhas tíreolaíochta roghnaithe
- Chun na príomhcheisteanna tíreolaíochta a sainaithníodh a iniúchadh, tabharfaidh an scoláire faoi thaighde ó réimse foinsí chun eolas a fhorbairt a chuirfidh bonn eolais faoi fhreagairtí agus conclúidí
- Léirmhíneoidh agus eagróidh an scoláire a thaighde chun an chaoi ar cuireadh bonn eolais faoina fhreagairt a thaispeáint
- Déanfaidh an scoláire anailís ar thorthaí a thaighde chun a fhreagairt a ullmhú, ag tabhairt aghaidh ar an gceangal idir an fhoinse meán agus próiseas, patrún agus córas tíreolaíochta, agus an chúis a bhfuil suntas tíreolaíochta leis.

**Fianaise ar fhoghlaim**

Is féidir an Measúnú Rangbhunaithe a chur i dtoll a chéile i cibé leagan amach atá oiriúnach chun smaointe an scoláire a ghabháil. D'fhéadfaí, mar shampla, é a dhéanamh i bhfoirm scríofa (tuairisc nó alt sna meáin), i bhfoirm dhigiteach (blag, leathanach gréasáin nó cur i láthair sleamhnán), i bhfoirm amhairc (cur i láthair grafach nó taispeántas) nó i bhfoirm fuaime (podchraoladh nó guthú). Ní liosta uileghabhálach é seo, níl ann ach samplaí den chaoi a bhféadfaí an cur i láthair a dhéanamh.

Nuair a théitear i ngleic leis an bpróiseas fiosrúcháin struchtúrtha, a dtugtar breac-chuntas air thuas, agus nuair a thugtar faoi, spreagfar an scoláire le hiniúchadh níos leithne a dhéanamh ná an fhoinse meán a roghnaíodh ar dtús agus raon a thaighde a leathnú chun cuimhneamh ar réimse níos leithne foinsí agus dearcthaí.

Féadfaidh an scoláire tabhairt faoin bhfreagairt leis féin nó le comhscoláire eile nó mar chuid de ghrúpa. Má táthar ag obair mar chuid de bheirt/ghrúpa, díreofar sa mheasúnú ar ról agus ar an méid a chuireann gach scoláire go haonar leis an obair Tá sé tábhachtach go ndéanann gach scoláire páirteach san obair bheirte/ghrúpa nóta beacht dá pháirt féin sa phróiseas agus den mhéid a chuireann sé leis an obair ghrúpa (trí shiombail nó a n-inisealacha a úsáid b'fhéidir) chun cabhrú leis an múinteoir an méid a chuir sé féin leis an bhfreagairt a shainaithint agus a mheasúnú.


# Tíreolaíocht sa nuacht: Comhairle don scoláire

Tabharfaidh do mhúinteoir ranga tacaíocht duit san obair don mheasúnú seo. De réir na treorach a leagtar síos sna treoirlínte seo agus faoi mhaoirseacht do mhúinteora, beidh ionchur agat sa teagmhas tíreolaíochta sa nuacht a roghnóidh tú chun a fhiosrú don Mheasúnú Rangbhunaithe seo. Féadfaidh do mhúinteoir treoir a thabhairt má tá na topaicí a mholtar conspóideach nó íogair agus féadfaidh sé oiriúnacht na topaice a phlé leat sula dtosaíonn tú ar an Measúnú Rangbhunaithe. Nuair atá an teagmhas tíreolaíochta ar a mbunófar do Mheasúnú Rangbhunaithe aontaithe agat le do mhúinteoir, d'fhéadfá na cineálacha ceisteanna seo a leanas a fhiafraí díot féin:

- Ar chuimhnigh mé ar na príomhcheisteanna tíreolaíochta – cé, céard, cén áit, cathain, cén chaoi, cén fáth?
- Céard iad na príomhghnéithe comhshaoil, geilleagracha nó sóisialta a bhaineann leis an teagmhas tíreolaíochta seo?
- An bhfuil aon naisc sa teagmhas tíreolaíochta idir daoine agus an comhshaol?
- An bhfuil aon bhaint ag an teagmhas seo le teagmhais tíreolaíochta eile a tharla le deireanaí?
- Cén tionchar atá ag an teagmhas ar an timpeallacht dhaonna?
- Cén tionchar atá ag an teagmhas ar an timpeallacht fhisiciúil?
- Céard a tharlóidh do na daoine atá ina gcónaí sa cheantar mar gheall ar an teagmhas seo?
- Céard iad na hiarmhairtí atá ag an teagmhas tíreolaíochta?
- Ar iniúchadh agus ar eagraíodh an fhreagairt go soiléir agus go loighciúil?
- Ar sheiceáil mé go bhfuil an t-eolas ar a ndearna mé taighde iontaofa?
- Dá mb'fhéidir, ar chuir mé aon duine faoi agallamh a d'fhéadfadh léargas eile a thabhairt ar an teagmhas?
- An raibh réimse foinsí i mo thaighde lena chinntiú go bhfuil tuiscint chothrom agus leathan agam ar an teagmhas?
- Ar cuireadh an fhreagairt i láthair i leagan amach cruthaitheach agus éifeachtach?

Féadfaidh tú oibriú ar an Measúnú Rangbhunaithe leat féin, le comhscoláire amháin eile nó le grúpa. Má tá tú ag tabhairt faoin Measúnú Rangbhunaithe le comhscoláire eile nó mar chuid de ghrúpa, tá sé tábhachtach go gcoinníonn tú nóta den mhéid a dhéanann tú sa phróiseas agus den mhéid a chuireann tú leis an obair ghrúpa. Ba chóir duit é sin a chur in iúl i do fhreagairt trí shiombail nó d'inisealacha a úsáid, nó modh eile a d'aontaigh tú le do mhúinteoir.

# An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Tíreolaíocht sa nuacht




**Na Gnéithe Cáilíochta**

Is ann do cheithre thuairisceoir leibhéil gnóthachtála do gach Measúnú Rangbhunaithe: *Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais,* agus *Níor chomhlíon na hionchais go fóill*. Meastar go dtagann an obair ar fad a chuirtear isteach le ceann de na ceithre thuairisceoir sin.

Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach sna treoirlínte seo, leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfear lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire:

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go

ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an múinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas 'ar an iomlán'. Ba chóir don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (*Níor chomhlíon na hionchais go fóill* ar dtús) go dtí go dtagann sé ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Cé gur chóir a thabhairt faoi deara nach dtugann aon tuairisceoir gnóthachtáil gan locht le fios, ba chóir go mbeadh an fhianaise ar an obair nuair a bhronntar Thar barr ar fad an-ghar do na critéir uile don leibhéal sin sna Gnéithe Cáilíochta. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba chóir a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

Tacaíonn samplaí anótáilte de shaothar scoláirí a fhoilsítear ar https://curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Geography le breithiúnais an mhúinteora faoi chaighdeán shaothar an scoláire, agus é d'aidhm leo comhthuiscint a bhaint amach ar chaighdeáin agus ar ionchais; tacaíonn na gnéithe cáilíochta sna treoirlínte leo freisin chomh maith le comhoibriú agus plé le comhghleacaithe i rith na gcruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

| **Na Gnéithe Cáilíochta: Tíreolaíocht sa nuacht** |
|---|
| **Thar barr ar fad**<br><br>Téann an fhreagairt i ngleic go cuimsitheach leis na príomhcheisteanna tíreolaíochta, lena n-áirítear anailís ar shuntas agus inbhuanaitheacht tíreolaíochta agus tá conclúidí géarchúiseacha agus ábhartha ann<br><br>Léiríonn an fhreagairt feasacht chuimsitheach ar na próisis, patrúin agus córais a bhí gníomhach sa teagmhas tíreolaíochta roghnaithe<br><br>Tá an fhreagairt thar a bheith mionsonrach, eolach, dea-eagraithe agus cruthaitheach. |
| **Os cionn na n-ionchas**<br><br>Téann an fhreagairt i ngleic go héifeachtach leis na príomhcheisteanna tíreolaíochta, lena n-áirítear machnamh ar shuntas agus inbhuanaitheacht tíreolaíochta agus tá conclúidí ábhartha ann |

| |
|---|
| Léiríonn an fhreagairt feasacht an-mhaith ar na próisis, patrúin agus córais a bhí gníomhach sa teagmhas tíreolaíochta roghnaithe<br><br>Tá an fhreagairt an-mhionsonraithe agus eolach agus tá sí dea-eagraithe go cuspóir an-soiléir. |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br><br>Téann an fhreagairt i ngleic le roinnt príomhcheisteanna tíreolaíochta, tá roinnt machnaimh ann ar shuntas agus inbhuanaitheacht tíreolaíochta, agus tá roinnt conclúidí spéisiúla ann, cé nach bhfuil siad ábhartha i gcónaí<br><br>Léiríonn an fhreagairt roinnt feasachta ar na próisis, patrúin agus córais a bhí gníomhach sa teagmhas tíreolaíochta roghnaithe<br><br>Tá an fhreagairt eagraithe go cuspóir agus áirítear sonraí agus eolas a léiríonn tuiscint mhaith ar an teagmhas tíreolaíochta roghnaithe. |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br><br>Ní théann an fhreagairt i ngleic le mórán ceisteanna tíreolaíochta agus níl aon chonclúidí ann nó tá siad srianta<br><br>Is beag feasacht a léirítear sa fhreagairt, nó ní léirítear feasacht ar bith inti, ar na próisis, patrúin agus córais a bhí gníomhach sa teagmhas tíreolaíochta roghnaithe<br><br>Níl ord ná eagar ar an bhfreagairt agus níl dóthain mionsonraí ann chun tuiscint a léiriú ar an teagmhas tíreolaíochta roghnaithe. |

Cuirfear na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barántúla d'obair scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo:

- d'fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta
- foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe, mar is cuí, sna Treoirlínte Measúnaithe agus
- foilseofar samplaí anótáilte d'obair scoláirí ar www.curriculumonline.ie

# Measúnú Rangbhunaithe 2 - Mo thíreolaíocht

Tugann ***Mo thíreolaíocht*** deis don scoláire an t-eolas agus an taithí a fuair sé sa chéad Mheasúnú Rangbhunaithe a úsáid chun tabhairt faoi iniúchadh gníomhach ar ghné thíreolaíochta/ar ghnéithe tíreolaíochta ina cheantar áitiúil. I ndiaidh taithí a fháil ar na príomhcheisteanna tíreolaíochta – cé, céard, cén áit, cathain, cén chaoi, cén fáth – i rith ***Tíreolaíocht sa nuacht***, leanfaidh an scoláire ar aghaidh ag forbairt na foghlama sin ina fhoghlaim leanúnach ranga agus trí iniúchadh ar ghné

thíreolaíochta/ar ghnéithe tíreolaíochta ina cheantar áitiúil. Tugann ***Mo thíreolaíocht*** creat don scoláire chun na hidirghníomhaíochtaí agus na naisc idir daoine, áiteanna, timpeallachtaí agus patrúin spásúla ina cheantar áitiúil a fhiosrú agus dul i ngleic leo, agus na himpleachtaí lena mbaineann don timpeallacht dhaonna agus fhisiciúil a mheas.


Tabharfaidh an scoláire faoi fhiosrúchán struchtúrtha agus ullmhóidh sé freagairt ar ghné thíreolaíochta/ar ghnéithe tíreolaíochta ina cheantar áitiúil i dtréimhse trí seachtaine. Mar a tharla i Measúnú Rangbhunaithe 1, cuirfidh an scoláire a fhreagairt i gcrích ó thaobh na ngnéithe: *próisis, patrúin, córais agus scála, scileanna tíreolaíochta agus inbhuanaitheacht.*

Sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo, beag beann ar an topaic a roghnaítear, éilítear ar an scoláire a léiriú go bhfuil eolas, tuiscint, feasacht agus scileanna aige i dtabhairt faoi fhiosrúchán struchtúrtha, a fhiosraíonn agus a anailísíonn an bhfuil gnéithe de shonraíocht na Tíreolaíochta (próisis, patrúin, córais agus scála, scileanna tíreolaíochta agus inbhuanaitheacht) le feiceáil sa ghné thíreolaíocht/sna gnéithe tíreolaíochta a roghnaigh sé, agus má tá, cén chaoi a bhfeictear iad.

Féadfaidh an scoláire a fhreagairt a mhúnlú le réimse leaganacha amach difriúla, a chinnfear i gcomhar leis an múinteoir atá ag éascú an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo. Sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo, spreagtar an scoláire, nuair is indéanta agus cuí, le tabhairt faoi iniúchtaí allamuigh, mar chuid den bhailiú sonraí. Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an topaic a roghnófar agus ar an meán ina gcuirfear an obair i láthair.


## An próiseas chun Measúnú Rangbhunaithe 2: *Mo thíreolaíocht* a chur i gcrích

Leagtar amach i bhFíor 2 thíos an próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 2 a dhéanamh: **Mo thíreolaíocht** Is é aidhm an phróisis seo treoir a thabhairt don mhúinteoir de réir mar a thacaíonn sé lena scoláire an Measúnú Rangbhunaithe seo a chur i gcrích.




*Fíor 2: An próiseas chun tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 2: Mo thíreolaíocht*

## Ullmhúchán




**Ullmhúchán an scoláire**

Ba chóir go mbeadh roinnt eolais, tuisceana agus scileanna forbartha ag an scoláire thar na trí shnáithe staidéir, *An domhan fisiceach a fhiosrú*, *An chaoi a ndéanaimid teagmháil leis an domhan fisiceach a fhiosrú* agus *Daoine, áiteanna agus athruithe a fhiosrú*, chun tabhairt faoin iniúchadh. Mar chuid den teagasc, den fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama do Thíreolaíocht, a bhíonn ar bun go leanúnach, ba chóir go mbeadh deiseanna ag an scoláire chun scileanna taighde agus measúnaithe a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt go fónta faoi *Mo thíreolaíocht*. Bainfidh an scoláire leas as an bhfoghlaim agus taithí sa chéad Mheasúnú Rangbhunaithe (Tíreolaíocht sa nuacht) chun an t-iniúchadh domhain seo a chur i gcrích ar ghné thíreolaíochta/ar ghnéithe tíreolaíochta ina cheantar áitiúil. Ba chóir fiosracht an scoláire a chothú chun topaicí agus smaointe a bhfuil spéis aige iontu a fhiosrú agus ba chóir é a spreagadh le naisc ábhartha a shainaithint idir an fhoghlaim sa rang agus an gnáthshaol.

Cuireann an Measúnú Rangbhunaithe seo fiosracht agus rannpháirtíocht an scoláire chun cinn nuair a dhéanann an scoláire:

- an ghné thíreolaíochta áitiúil/na gnéithe tíreolaíochta áitiúla ar a ndíreoidh a fhreagairt a shainaithint agus a roghnú
- na príomhcheisteanna tíreolaíochta a thacóidh lena iniúchadh a iarraidh
- an leagan amach (na leaganacha amach) ina gcuirfear an fhreagairt i láthair a roghnú
- a smaointe a fhorbairt trí mhachnamh a dhéanamh ar idirghníomhaíochtaí, idirnaisc agus impleachtaí na gné tíreolaíochta/na ngnéithe tíreolaíochta
- éagsúlacht mhór cuir chuige i leith bailiú sonraí a mheas
- comhoibriú trí phlé agus fiosrú na sonraí ar a ndearnadh taighde
- an ceangal atá idir a ghné thíreolaíochta/ghnéithe tíreolaíochta roghnaithe agus a shaol agus a thimpeallacht féin a shainaithint, anois faoi láthair agus amach anseo
- agus nuair a thugtar deis dó, nuair is indéanta agus cuí, tabhairt faoi iniúchtaí tíreolaíochta agus allamuigh.

Cé go bhfuil an Measúnú Rangbhunaithe suimitheach, tá luach foirmitheach aige agus ba chóir é a úsáid chun aiseolas a thabhairt don scoláire, do thuismitheoirí agus don mhúinteoir ar dhul chun cinn agus ar fhoghlaim an scoláire. Ag pointe iomchuí san fhoghlaim, ba chóir go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear le cáilíocht a chuid oibre a mheas.

**Ullmhúchán an mhúinteora**

Ba chóir pleanáil le haghaidh teagaisc, foghlama agus measúnú eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire a fhorbairt de réir a chéile thar réimse torthaí foghlama na sonraíochta roimh an Measúnú Rangbhunaithe agus fad is a chuirtear i gcrích é. Ba chóir don mhúinteoir treoir agus tacaíocht a thabhairt don scoláire agus é ag cur an Measúnú **Mo thíreolaíocht** i gcrích, agus ba chóir dó an scoláire a chumasú agus a stiúradh.


Moltar go bpléadh an múinteoir an Measúnú Rangbhunaithe le comhghleacaithe, agus go bpleanálfadh sé aon teagasc agus foghlaim a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil. Moltar don mhúinteoir an scoláire a éascú chun an bhaint atá ag an méid atá á fhoghlaim aige leis an ngnáthshaol a fheiceáil. Moltar cur chuige neamhlíneach i leith torthaí foghlama agus snáitheanna i sonraíocht na

tíreolaíochta; tabharfaidh sé sin deis don scoláire idirghníomhaíochtaí, idirnaisc agus impleachtaí sna réimsí difriúla staidéir a fheiceáil.

D'fhonn ullmhú don Mheasúnú Rangbhunaithe, ba chóir don mhúinteoir eolas a chur ar na cáipéisí seo a leanas atá ar fail ar [www.curriculumonline.ie](www.curriculumonline.ie)

- Sonraíocht Thíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí
- Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe
- Samplaí anótáilte de shaothar scoláirí
- Measúnú agus Tuairisciú sa tSraith Shóisearach (https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú).

## Measúnú Rangbhunaithe 2: Mo thíreolaíocht a chur i gcrích




Tabharfaidh an scoláire faoin Measúnú Rangbhunaithe seo trí phróiseas fiosrúcháin struchtúrtha chun an ghné thíreolaíochta áitiúil/na gnéithe tíreolaíochta áitiúla a fhiosrú agus freagairt a ullmhú a chuirfear i láthair ag deireadh na tréimhse trí seachtaine. Tugtar breac-chuntas thíos ar an gcaoi a dtugtar faoin bpróiseas fiosrúcháin sin.

### Próiseas fiosrúcháin struchtúrtha

Áirítear leis an bpróiseas seo an scoláire ag fiafraí ceisteanna, ag bailiú sonraí, ag déanamh meastóireachta agus léirmhíniú ar a thorthaí, agus ag cur eolas i láthair. Spreagann sé comhoibriú agus cumarsáid lena chomhscoláirí agus le saineolaithe i réimsí eile.

<table>
<tr><th colspan="2">Ba chóir go n-áireofaí i do thuairisc:</th></tr>
<tr><th>Próisis, patrúin, córais agus scála</th><th>Inbhuanaitheacht</th></tr>
<tr><td>▪ Iniúchadh a dhéanamh ar an gceangal atá idir an ghné roghnaithe thíreolaíochta agus foghlaim faoi phróiseas, patrún nó córas tíreolaíochta.<br>▪ Suntas tíreolaíochta na gné roghnaithe a iniúchadh a thaispeáint<br>▪ Breac-chuntas a thabhairt ar thionchar na gné roghnaithe ar an gceantar áitiúil.</td><td>▪ Breac-chuntas a thabhairt ar chúinsí inbhuanaitheachta a gcaithfear cuimhneamh orthu maidir leis an ngné thíreolaíochta roghnaithe.</td></tr>
<tr><th colspan="2">An chaoi a n-ullmhóidh tú do thuairisc:</th></tr>
<tr><th colspan="2">Scileanna tíreolaíochta</th></tr>
<tr><td colspan="2">Spreagtar an scoláire leis an oiread scileanna tíreolaíochta agus atá ábhartha don fhreagairt aonair a úsáid trí phróiseas an Mheasúnaithe Rangbhunaithe.<br><br>▪ Ullmhóidh an scoláire freagairt a léiríonn go ndeachaigh sé i ngleic leis na príomhcheisteanna tíreolaíochta – cé, céard, cén áit, cathain, cén chaoi, cén fáth<br>▪ Taispeánfaidh an scoláire, nuair is ábhartha, na hidirghníomhaíochtaí, idirnaisc agus impleachtaí atá gníomhach sa ghné/sna gnéithe tíreolaíochta roghnaithe<br>▪ Chun na príomhcheisteanna tíreolaíochta a sainaithníodh a iniúchadh, baileoidh an scoláire sonraí ó réimse leathan foinsí chun eolas a fhorbairt. Spreagtar an scoláire, nuair is indéanta agus cuí, le tabhairt faoi iniúchtaí allamuigh, mar chuid den bhailiú sonraí.<br>▪ Léirmhíneoidh, measfaidh agus eagróidh an scoláire na sonraí a bailíodh chun an chaoi ar cuireadh bonn eolais faoina fhreagairt a thaispeáint<br>▪ Déanfaidh an scoláire anailís ar a shonraí chun freagairt iniúchta a ullmhú ar an ngné thíreolaíochta/na gnéithe tíreolaíochta roghnaithe</td></tr>
</table>

**Fianaise ar fhoghlaim**

Ba chóir go dtabharfaí an fhaisnéis seo a leanas sa fhreagairt:

- Réamhrá don ghné thíreolaíochta
- Ceisteanna iniúchta
- Bailiú sonraí
- Anailís
- Torthaí
- Conclúid
- Meastóireacht
- Machnamh

Is féidir an Measúnú Rangbhunaithe seo a chur i dtoll a chéile i cibé leagan amach a mheastar a bheith oiriúnach chun smaointe an scoláire a ghabháil. D'fhéadfaí, mar shampla, é a dhéanamh i bhfoirm scríofa (tuairisc nó alt irise), i bhfoirm dhigiteach (blag, leathanach gréasáin nó cur i láthair sleamhnán), i bhfoirm amhairc (cur i láthair grafach, taispeántas póstaer nó samplaí tíreolaíochta ón iniúchadh) nó i bhfoirm fuaime (podchraoladh nó guthú). Ní liosta uileghabhálach é seo, níl ann ach samplaí den chaoi a bhféadfaí an cur i láthair a dhéanamh.

Féadfaidh an scoláire tabhairt faoin bhfreagairt leis féin nó le comhscoláire eile nó mar chuid de ghrúpa. Má táthar ag obair mar chuid de bheirt/ghrúpa, díreofar sa mheasúnú ar ról agus ar an méid a chuireann gach scoláire go haonar leis an obair Tá sé tábhachtach go ndéanann gach scoláire páirteach san obair bheirte/ghrúpa nóta beacht dá pháirt féin sa phróiseas agus den mhéid a chuireann sé leis an obair ghrúpa (trí shiombail nó a n-inisealacha a úsáid b'fhéidir) chun cabhrú leis an múinteoir an méid a chuir sé féin leis an bhfreagairt a shainaithint agus a mheasúnú.

Is gné thábhachtach den Mheasúnú Rangbhunaithe seo iad meastóireacht agus machnamh an scoláire. Chun cabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir an ghné seo den fhreagairt a mheas, tugtar teimpléad samplach meastóireachta agus machnaimh in Aguisín A.


## Mo thíreolaíocht: Comhairle don scoláire

Tabharfaidh do mhúinteoir ranga tacaíocht duit san obair don mheasúnú seo. Nuair atá an ghné thíreolaíochta/na gnéithe tíreolaíochta ar a mbunófar an Measúnú Rangbhunaithe seo aontaithe agat le do mhúinteoir, d'fhéadfá na cineálacha ceisteanna seo a leanas a fhiafraí díot féin:

- Ar chuir mé na príomhcheisteanna tíreolaíochta – cé, céard, cén áit, cathain, cén chaoi, cén fáth?
- Céard é tionchar féideartha áitiúil comhshaoil, geilleagair nó sóisialta mo ghné(ithe) roghnaithe?
- Céard iad iarmhairtí na gné/na ngnéithe seo amach seo go háitiúil nó níos faide i gcéin?
- Ar bhailigh mé sonraí ó réimse leathan sonraí?
- Ar sheiceáil mé go bhfuil na sonraí a bhailigh mé iontaofa?
- Dá mb'fhéidir, ar chuir mé duine éigin faoi agallamh nó ar labhair mé le duine éigin a thabharfadh léargas eile ar an ngné seo nó a roinnfeadh a shaineolas fúithi liom?
- Ar bhuail mé agus ar labhair mé le daoine a ndeachaigh an ghné seo i bhfeidhm orthu?
- An bhfuil aon naisc, iarmhairtí nó impleachtaí ag an ngné seo ar scála níos leithne?
- Ar iniúchadh agus ar eagraíodh an fhreagairt go soiléir agus go loighciúil?
- Ar cuireadh í i láthair go cruthaitheach agus go héifeachtach, beag beann ar an leagan amach a roghnaíodh?
- An bhfuil meastóireacht agus machnamh i m'iniúchadh?
- Cén duine nó cén eagraíocht a chuirfeadh spéis i dtorthaí m'iniúchta?

Féadfaidh tú oibriú ar an Measúnú Rangbhunaithe leat féin, le comhscoláire amháin eile nó le grúpa. Má tá tú ag tabhairt faoin Measúnú Rangbhunaithe le comhscoláire eile nó mar chuid de ghrúpa, tá sé tábhachtach go gcoinníonn tú nóta den mhéid a dhéanann tú sa phróiseas agus den mhéid a chuireann tú leis an obair ghrúpa. Ba chóir duit é sin a chur in iúl i do fhreagairt trí shiombail nó d'inisealacha a úsáid, nó modh eile a d'aontaigh tú le do mhúinteoir.

# An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Mo thíreolaíocht




## Na Gnéithe Cáilíochta

Is ann do cheithre thuairisceoir leibhéil gnóthachtála do gach Measúnú Rangbhunaithe: *Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais,* agus *Níor chomhlíon na hionchais go fóill*. Meastar go dtagann an obair ar fad a chuirtear isteach le ceann de na ceithre thuairisceoir sin.

Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach sna treoirlínte seo, leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfear lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire:

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé

curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an múinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas ‘ar an iomlán’. Ba chóir don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (*Níor chomhlíon na hionchais go fóill* ar dtús) go dtí go dtagann sé ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Cé gur chóir a thabhairt faoi deara nach dtugann aon tuairisceoir gnóthachtáil gan locht le fios, ba chóir go mbeadh an fhianaise ar an obair nuair a bhronntar Thar barr ar fad an-ghar do na critéir uile don leibhéal sin sna Gnéithe Cáilíochta. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba chóir a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d’obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige ‘na rogha is oiriúnaí’ ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ‘ar an iomlán’ ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

Tacaíonn samplaí anótáilte de shaothar scoláirí a fhoilsítear ar *curaclam ar líne* (www.curriculumonline.ie) le breithiúnais an mhúinteora faoi chaighdeán shaothar an scoláire, agus é d’aidhm leo comhthuiscint a bhaint amach ar chaighdeáin agus ar ionchais; tacaíonn na gnéithe cáilíochta sna treoirlínte leo freisin chomh maith le comhoibriú agus plé le comhghleacaithe i rith na gcruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.


| Na Gnéithe Cáilíochta: Mo thíreolaíocht |
|---|
| **Thar barr ar fad**<br><br>Téann an fhreagairt i ngleic go cuimsitheach leis na príomhcheisteanna tíreolaíochta, lena n-áirítear anailís ar údar imní faoi chúrsaí inbhuanaitheachta agus tá conclúidí géarchúiseacha agus ábhartha ann<br><br>Léiríonn an fhreagairt feasacht chuimsitheach ar na próisis, patrúin agus córais a bhí gníomhach sa ghné thíreolaíochta roghnaithe<br><br>Tá an fhreagairt thar a bheith dea-eagraithe, agus léirítear rannpháirtíocht ghníomhach i sonraí ó réimse leathan sonraí a bhailiú agus a anailísiú. |
| **Os cionn na n-ionchas**<br><br>Téann an fhreagairt i ngleic go héifeachtach leis na príomhcheisteanna tíreolaíochta, lena n-áirítear machnamh ar údar imní faoi chúrsaí inbhuanaitheachta agus tá conclúidí ábhartha ann<br><br>Léiríonn an fhreagairt feasacht an-mhaith ar na próisis, patrúin agus córais a bhí gníomhach sa ghné thíreolaíochta roghnaithe<br><br>Tá an fhreagairt an-mhionsonraithe agus dea-eagraithe, agus léirítear rannpháirtíocht mhaith i sonraí ó réimse sonraí a bhailiú agus a anailísiú. |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br><br>Téann an fhreagairt i ngleic le roinnt ceisteanna tíreolaíochta, tá roinnt machnaimh ar údar imní faoi chúrsaí inbhuanaitheachta ann, agus tá roinnt conclúidí spéisiúla ann, cé nach bhfuil siad ábhartha i gcónaí<br><br>Léiríonn an fhreagairt roinnt feasachta ar na próisis, patrúin agus córais a bhí gníomhach sa ghné thíreolaíochta roghnaithe<br><br>Tá an fhreagairt eagraithe go cuspóir agus áirítear sonraí agus eolas a léiríonn rannpháirtíocht i sonraí ó fhoinsí éagsúla a bhailiú agus a anailísiú. |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br><br>Ní théann an fhreagairt i ngleic le mórán ceisteanna tíreolaíochta agus níl aon chonclúidí ann nó tá siad srianta<br><br>Is beag feasacht a léirítear sa fhreagairt, nó ní léirítear feasacht ar bith, ar na próisis, patrúin agus córais a bhí gníomhach sa ghné thíreolaíochta roghnaithe<br><br>Níl ord ná eagar ar an bhfreagairt agus is beag sonraí atá ann faoi na foinsí a úsáideadh chun sonraí a bhailiú. |

Cuirfear na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barántúla d’obair scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo:

- d’fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta

- foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe, mar is cuí, sna Treoirlínte Measúnaithe agus
- foilseofar samplaí anótáilte d'obair scoláirí ar www.curriculumonline.ie

## Na chéad chéimeanna eile




## An Tasc Measúnaithe:

Tugann an scoláire faoi Thasc Measúnaithe scríofa atá le cur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil mar chuid den scrúdú stáit i dTíreolaíocht. Is fiú 10% an Tasc Measúnaithe de na marcanna atá ar fáil don scrúdú sin.

Tá baint dhíreach ag an Tasc Measúnaithe leis an dara Measúnú Rangbhunaithe, *Mo thíreolaíocht*.

Déanfar measúnú sa Tasc Measúnaithe ar ghnéithe éagsúla d'fhoghlaim an scoláire, lena n-áirítear:

- a chumas chun machnamh a dhéanamh ar fhorbairt a smaointeoireachta tíreolaíochta trí thabhairt faoin bpróiseas taighde agus an Measúnú Rangbhunaithe *Mo thíreolaíocht* á chur i gcrích
- a chumas chun measúnú a dhéanamh ar eolas nó ar thuiscint nua a tháinig chun cinn trína thaithí ar an Measúnú Rangbhunaithe
- a chumas chun machnamh a dhéanamh ar na scileanna a d'fhorbair sé, agus a chumas chun iad a úsáid i suíomhanna nach bhfuil mórán cleachtaidh aige orthu sa todhchaí
- a chumas chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar imir a thaithí ar an Measúnú Rangbhunaithe tionchar ar a léirthuiscint don tíreolaíocht
- a mhachnamh ar an gcaoi ar imir a thaithí ar *Mo thíreolaíocht* tionchar ar a mheonta agus ar a luachanna.

Tabharfar faoin Tasc Measúnaithe seo i ndiaidh an dara Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích. Beidh roinnt solúbthachta ag scoileanna chun an tréimhse ranga a roghnú chun é a chur i gcrích. Cuirfidh

Coimisiún na Scrúduithe Stáit an marc a bronnadh as an Tasc Measúnaithe le chéile leis an marc a bronnadh as an scrúdú scríofa le teacht ar an tuairisceoir foriomlán don scrúdú stáit i dTíreolaíocht.

**Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair**

Gheobhaidh comhaltaí foirne comhthuiscint ar chaighdeáin na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, áit a dtabharfaidh na comhaltaí foirne a samplaí féin d'obair scoláirí isteach agus a gcuirfidh siad a mbreithiúnais i gcomparáid le breithiúnais comhghleacaithe eile, agus le samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna gcur ar fáil ag CNCM. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht scoláirí a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Baileofar samplaí de Mheasúnú Rangbhunaithe 1: Tíreolaíocht sa nuacht agus de Mheasúnú Rangbhunaithe 2: Mo thíreolaíocht de chuid na scoláirí i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Mar chuid den ullmhúchán don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainaithneoidh gach múinteoir sampla amháin d'obair scoláire le haghaidh gach tuairisceora, nuair is féidir, agus beidh siad sin ar fáil lena bplé ag an gcruinniú. Tá tuilleadh sonraí faoin gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh ann in Aguisín A agus ar líne ar https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/cruinnithe-afmá.

## Torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thaifeadadh agus a thuairisciú

Tar éis an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar bhreithiúnas ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an saothar ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na Tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta leanúnacha tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Sa chás nach gcuireann scoláire aon obair isteach dá Mheasúnú Rangbhunaithe, ní féidir tuairisceoir a bhronnadh, toisc nach féidir obair a phlé i gcomparáid leis na Gnéithe Cáilíochta. Sa chás sin, ba chóir 'Neamhthuairiscithe' a roghnú nuair atá torthaí á gcur isteach i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe

Sóisearaí. Tá tuilleadh eolais faoi thuairisceoirí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a thuairisciú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna ar https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/Tuairisceáin/An-Tionscadal-Bunachar-Sonraí-ar-Líne-d'Iar-Bhunscoileanna-P-POD-/P-POD.html.

**Aiseolas a úsáid**

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil i dtaobh Measúnú Rangbhunaithe 1: Tíreolaíocht sa nuacht agus Measúnú Rangbhunaithe 2: Mo thíreolaíocht a úsáid le tacú le foghlaim an scoláire. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis torthaí an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi aiseolas a úsáid le fáil ag https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/díriú-ar-an-bhfoghlaim.

**Toradh a cheistiú**

Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceisteanna i ndáil leis na Tuairisceoirí a bhronntar ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

# Aguisín A: Teimpléad do Mheastóireacht agus Machnamh an Scoláire, le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2

<table>
<tr><td>Measúnú Rangbhunaithe 2: Mo thíreolaíocht</td><td colspan="2">Teideal/Gné(ithe) Roghnaithe:</td></tr>
<tr><td colspan="3">Céard is mó a thaitin liom faoin Measúnú Rangbhunaithe seo? Tabhair sonraí</td></tr>
<tr><td colspan="3">Céard iad na príomhdhúshláin a bhí ann? Cén chaoi a bhféadfainn iad sin a shárú in iniúchtaí eile amach anseo?</td></tr>
<tr><td colspan="3">Cé na scileanna nua tíreolaíochta a d’fhorbair mé i rith an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo? Cén chaoi a bhféadfainn iad sin a úsáid amach anseo?</td></tr>
<tr><td colspan="3">Cén duine nó cén eagraíocht a chuirfeadh spéis i mo thaighde/sna sonraí a bhailigh mé? Cén fáth?</td></tr>
<tr><td>Scoláire:</td><td>Múinteoir:</td><td>Dáta:</td></tr>
</table>

# Aguisín B: Tacaíocht do bhreithiúnas an mhúinteora: Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Cuireann cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar chumas múinteoirí comhsheasmhacht a bhaint amach i gcomhar lena chéile ina mbreithiúnais ar obair scoláirí bunaithe ar Ghnéithe Cáilíochta comónta a leagtar amach go seachtrach. Forbrófar tuiscint níos mó ar chaighdeáin agus ar ionchais de réir a chéile de réir mar a thiocfaidh múinteoirí le chéile i bplé gairmiúil chun machnamh a dhéanamh ar cháilíocht obair a gcuid scoláirí féin, agus treoir acu ó shonraíocht ábhair, treoirlínte measúnaithe agus ábhar tacaíochta eile lena n-áirítear samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna soláthar ag CNCM.

## Forléargas

Tá an próiseas athbhreithnithe dírithe ar mhúinteoirí ag plé obair na scoláirí ag cruinnithe struchtúrtha. Beidh ról tábhachtach aige ag cuidiú le múinteoirí tuiscint a fhorbairt ar chaighdeáin agus ar ionchais trí chur ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar an bhfianaise d'obair na scoláirí agus chun na straitéisí foghlama agus teagaisc a thacaíonn leis an obair sin a chomhroinnt.

Is iad cuspóirí an phróisis athbhreithnithe an méid seo a leanas a bhaint amach:

- comhsheasmhacht níos fearr i mbreithiúnas múinteoirí
- aiseolas níos fearr do scoláirí
- ailíniú níos fearr idir breithiúnais agus caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo

agus a dheimhniú do thuismitheoirí agus do dhaoine eile go bhfuil na scoláirí ag fáil aitheantais iomchuí dá gcuid éachtaí ar aon dul le caighdeáin agus le hionchais.

Beidh soláthar i bhféilire na scoile don tréimhse a thógfaidh cruinnithe athbhreithnithe ón 22 uair an chloig de thréimhse ghairmiúil a leithroinnfear ar gach múinteoir lánaimseartha gach bliain. Dáilfidh bainistíocht na scoile dhá uair an chloig eile ar mhúinteoir amháin i ngach ábhar chun gach cruinniú athbhreithnithe a ullmhú agus a chomhordú. Beidh gach múinteoir ábhartha i mbun an róil sin ar a sheal.

Beidh gach cruinniú:

- ag baint go sonrach le hábhar amháin

- thart ar dhá an chloig ar fad
- ar bun chomh gar agus is féidir do chur i gcrích an Mheasúnaithe Rangbhunaithe
- ag plé le hathbhreithniú ar obair scoláirí a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe sonrach.

Nuair atá múinteoir aonair ábhair i scoil, is féidir an múinteoir a éascú le páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le scoil eile. I gcás Gaelscoile, is féidir leis an múinteoir aonair ábhair páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le Gaelscoil eile.

## Treoir an Éascaitheora

Tabharfaidh na múinteoirí faoi ról an éascaitheora i rith cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar a seal. Tabharfaidh an t-éascaitheoir eiseamláirí de cheistiú éifeachtach i rith an chuir agus cúitimh ar shamplaí d'obair scoláirí a dhíríonn ar chomh maith agus a dtagann obair na scoláirí leis na Gnéithe Cáilíochta. I rith na gcruinnithe athbhreithnithe, nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir ba chóir a chur i bhfeidhm, ba chóir don ghrúpa fianaise a lorg in obair an scoláire a thagann leis na Gnéithe Cáilíochta ar fad, nó iad ar fad beagnach, a bhaineann le tuairisceoir ar leith. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas na múinteoirí sa chruinniú athbhreithnithe an tuairisceoir is fearr a thagann 'ar an iomlán' leis an obair atá á mheasúnú a roghnú. Cuirfidh an t-éascaitheoir tuarascáil ghairid (feic Aguisín D) ar an gcruinniú athbhreithnithe faoi bhráid phríomhoide na scoile.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phlean dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

### Roimh an gcruinniú

Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfadh sé cabhrú leis na múinteoirí dá n-athbhreithneoidís cuid de na samplaí anótáilte ábhartha ó CNCM sula gcinneann siad aon rud faoi obair a scoláirí féin.

A luaithe is a bhíonn a Mheasúnú Rangbhunaithe curtha i gcrích ag scoláire, déanfaidh an múinteoir réamh-mheasúnú ar obair an scoláire bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta. Féadfar na réamh-mheasúnuithe sin a mhodhnú i bhfianaise an phlé a tharlaíonn ag an gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Breacfaidh an múinteoir nóta den tuairisceoir a bhronntar ar gach scoláire agus aon phointe eile a dteastódh uaidh a úsáid mar thagairt i rith an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair nó ina dhiaidh. Is d'úsáid phearsanta an mhúinteora an nóta sin.

Mar chuid den ullmhúchán don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainaithneoidh gach múinteoir sampla amháin d'obair scoláire le haghaidh gach tuairisceora, nuair is féidir, agus beidh siad sin ar fáil lena bplé ag an gcruinniú.

### I rith an chruinnithe

Stiúrann an t-éascaitheoir an cruinniú agus coinníonn sé taifead ar na cinntí a rinneadh i dteimpléad, a úsáidtear chun tuarascáil an chruinnithe a chur i dtoll a chéile (feic Aguisín D). Moltar go gcloífeadh an cruinniú leis an sceideal ginearálta seo:

- Míníonn an t-éascaitheoir gurb é cuspóir an chruinnithe tacú le comhsheasmhacht i mbreithiúnas faoi obair na scoláirí agus tuiscint choiteann a fhorbairt faoi chaighdeán foghlama na scoláirí. Ba chóir aird a tharraingt freisin ar luach an chruinnithe chun aiseolas a thabhairt do scoláire faoin gcaoi a bhféadfadh sé a chuid oibre a fheabhsú.
- Iarrann an t-éascaitheoir ar chomhalta foirne amháin sampla oibre a chur i láthair a mheasúnaigh sé mar *Níor chomhlíon na hionchais go fóill*.
- I ndiaidh réamhrá gairid an mhúinteora, stiúrann an t-éascaitheoir plé ginearálta ar a mhéad a dtagann obair an scoláire leis na Gnéithe Cáilíochta ábhartha. Má dheimhníonn an cruinniú an breithiúnas, breacann an t-éascaitheoir é sin i dtaifead an chruinnithe.
- Má tá easaontas ann, ba chóir don éascaitheoir tagairt a dhéanamh do na samplaí anótáilte ábhartha d'obair scoláirí a chuir CNCM ar fáil agus, más cuí, cúpla sampla d'obair scoláirí a mheasúnaigh múinteoirí eile sa ghrúpa agus ar bhronn siad an tuairisceoir sin air.
- Ba chóir don éascaitheoir iarracht a dhéanamh comhaontú a bhunú i rith an phlé ar shamplaí ach ba chóir díriú ar eolas agus scileanna gairmiúla na múinteoirí a fhorbairt seachas ar chomhaontú gach múinteora a fháil ar na Gnéithe Cáilíochta ar fad i ngach sampla.
- Ba chóir díriú i gcónaí i rith na gcruinnithe athbhreithnithe nuair atá breithiúnais á ndearbhú ar chur chuige 'na rogha is oiriúnaí' a chuireann ar chumas na múinteoirí an tuairisceoir is fearr a oireann 'ar an iomlán' don obair atá á mheas a roghnú.
- Cé gur chóir am réasúnta a chur ar fáil don chur agus cúiteamh, ba chóir don éascaitheoir a bhreithiúnas gairmiúil a úsáid chun a chinneadh cén uair is cuí dul ar aghaidh go dtí an chéad sampla eile.

- Más féidir, ba chóir dhá shampla ar a laghad a phlé le haghaidh gach tuairisceora agus ba chóir don éascaitheoir a chinntiú go bpléitear sampla amháin ar a laghad ó gach múinteoir i rith an chruinnithe.

- Tugtar faoin bpróiseas céanna arís chun samplaí a measúnaíodh mar *Ag teacht leis na hionchais*, *Os cionn na n-ionchas* agus *Thar barr ar fad* a phlé agus a roinnt sa ghrúpa. Ag deireadh an chruinnithe, tugann an t-éascaitheoir achoimre ghairid ar phríomhphointí an chuir agus cúitimh.

- Tá sé tábhachtach go dtugann gach múinteoir aird ar impleachtaí na gcinntí a dhéantar sa chruinniú don chuid eile d'obair na scoláirí a mheasúnaigh siad cheana féin, go háirithe i gcás tuairisceoirí nár tháinig a mbreithiúnas le tuairimí thromlach na múinteoirí sa chruinniú.

## I ndiaidh an chruinnithe

I ndiaidh an chruinnithe, déanfaidh gach múinteoir machnamh ar an measúnú ar obair a scoláirí bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí ar na measúnuithe sealadacha. I ndiaidh an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, cuireann an t-éascaitheoir a thuarascáil ón gcruinniú faoi bhráid phríomhoide na scoile. Dírítear sa tuarascáil ar thorthaí an chuir agus cúitimh ar obair na scoláirí sa chruinniú.

Féadfaidh an t-éascaitheoir iarraidh ar na múinteoir, más maith leis, roinnt d'obair a scoláirí a chur leis an taisce samplaí:

- chun tacú le hionduchtúcháin múinteoirí nua
- chun tacú le cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair amach anseo
- chun úsáid le scoláirí agus tuismitheoirí chun an caighdeán oibre a baineadh amach a léiriú.

Aguisín C: Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú

Ábhair: Tuarascáil an Éascaitheora

| **Ábhar:** | **Dáta/am:** |
|---|---|
| **Daoine i láthair** | |
| **Na príomhchinntí a rinneadh** | |
| **Pointí le tabhairt faoi deara i gcruinnithe athbhreithnithe amach anseo** | |
| **Aon cheo eile?** | |
| Éascaitheoir<br><br>Dáta | |

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment